



inneall dóiteáin



cuaille



píobán uisce

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cén fáth a bhfuil an obair seo contúirteach, do bharúil?

**Tasc 2:**
Ainmnigh 3 phost eile atá contúirteach.

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

4 An Fear Dóiteáin

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An Fear Dóiteáin

# An Fear Dóiteáin

Is fear dóiteáin é Séamas agus bíonn sé ag obair sa stáisiún dóiteáin. Is áit iontach mór é an stáisiún. Tá garáiste ann fosta. Bíonn carranna agus **innill dóiteáin** sa gharáiste.

Is duine cairdiúil é Séamas. Caitheann sé hata crua buí. Bíonn sé ag cuidiú le daoine eile ó mhaidin go hoíche. Cuireann daoine scairt ar an stáisiún dóiteáin má bhíonn tine ann. Nuair a bhuaileann an cloigín, ritheann an fear dóiteáin agus sleamhnaíonn sé síos an **cuaille**. Téann sé isteach san inneall dóiteáin le dul go dtí an tine. Úsáideann sé **píobán uisce** le huisce a chur ar an tine agus múchann sé an tine. Tá an obair seo iontach suimiúil ach iontach contúirteach fosta!



# Ceisteanna

1. **Cá háit a mbíonn Séamas ag obair?**
   (a) Sa stáisiún traenach
   (b) Sa gharáiste
   (c) Sa stáisiún dóiteáin

2. **Cad é a bhíonn sa gharáiste sa stáisiún dóiteáin?**
   (a) Ainmhithe
   (b) Carranna agus innill dóiteáin
   (c) Páipéar agus criáin

3. **Cén fáth a gcaitheann an fear dóiteáin hata crua?**
   (a) Tá sé compordach
   (b) Coinníonn sé sábháilte é
   (c) Tá sé deas

4. **Bíonn Séamas ag obair:**
   (a) ar maidin.
   (b) tráthnóna.
   (c) an lá ar fad.

5. **Cad é mar a mhúchann sé tine?**
   (a) Cuireann sé aer ar an tine
   (b) Cuireann sé uisce ar an tine
   (c) Caitheann sé gaineamh ar an tine

6. **Cad é ábhar an scéil seo go príomha?**
   (a) Stáisiún dóiteáin
   (b) Inneall dóiteáin
   (c) Fear dóiteáin